<i>Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear cinntí cur chun feidhme lena ndeonaítear tacaíocht shealadach do na Ballstáit faoi Rialachán SURE</i> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2079 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1348 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Cróite chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d’eascair as ráig COVID-19 IO L 280, 28.10.2022, lgh. 15–18	12701/22
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2080 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1350 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Liotuáine chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d’eascair as ráig COVID-19 IO L 280, 28.10.2022, lgh. 19–22	12702/22

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2083 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19 IO L 280, 28.10.2022, lgh. 32–40	12967/22
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2081 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1346 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Phoblacht Heilléanach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d’eascair as ráig COVID-19 IO L 280, 28.10.2022, lgh. 23–26	12968/22
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2082 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1344 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Cipire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d’eascair as ráig COVID-19 IO L 280, 28.10.2022, lgh. 27–31	12974/22
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2084 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1345 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Seice chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála a d’eascair as ráig COVID-19 IO L 280, 28.10.2022, lgh. 41–45	13032/22
<i>An Cinneadh ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí CEF: tríú tráthchuid 2022</i> Cinneadh (AE) 2022/2062 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Coiste sin a mhaoiniú, a mhéid a bhaineann leis an tríú tráthchuid le haghaidh 2022 IO L 276, 26.10.2022, lgh. 139–141	13274/22

Nósanna imeachta i scríbhinn	
GNIOMHARTHA NEAMHREACHTACHA	
GNIOMH	DOICIMEAD
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 6 Deireadh Fómhair 2022	CM 4141/22
<i>Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Eimin</i> Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1902 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/932/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Eimin IO L 260, 6.10.2022, lgh. 6–9	12924/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1901 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Eimin IO L 260, 6.10.2022, lgh. 1–5	12927/22
Fógra le haghaidh na ndaoine aonair atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/932/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1902 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1901 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Eimin 2022/C 386/01 IO C 386, 7.10.2022, lgh. 1–2	12928/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 6 Deireadh Fómhair 2022	CM 4688/22
<i>Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar limistéir áirithe nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin a bheith á n-aithint, á bhforghabháil nó á n-ionghabháil go neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise</i> Cinneadh (CBES) 2022/1908 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/266 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aitheantas a thabhairt do na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hUcráine agus ar an ordú fórsaí armtha na Rúise a chur chun na limistéir sin IO L 275, 6.10.2022, lgh. 118–121	12799/22
Rialachán (AE) 2022/1903 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/263 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aitheantas a thabhairt do na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hUcráine agus ar an ordú fórsaí armtha na Rúise a chur chun na limistéir sin IO L 275, 6.10.2022, lgh. 1–2	12801/22

<i>Cinneadh, Rialachán Cur Chun Feidhme agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin</i> Cinneadh (CBES) 2022/1907 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 275, 6.10.2022, lgh. 98–117	12767/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1906 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 275, 6.10.2022, lgh. 79–97	12769/22
Rialachán (AE) 2022/1905 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 275, 6.10.2022, lgh. 76–78	12958/22
Fógra atá le tabhairt ar aird na ndaoine, na n-eintitis agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1907 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1906 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 386, 7.10.2022, lch. 3	12959/22
Fógra atá le tabhairt ar aird na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1907 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1906 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 386, 7.10.2022, lch. 4	12959/22
Fógra le tabhairt ar aird ag na hábhair sonraí a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 386, 7.10.2022, lch. 5	12959/22

<i>Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hUcráine</i> Cinneadh (CBES) 2022/1909 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hUcráine IO L 275, 6.10.2022, lgh. 122–134	12823/22
Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hUcráine IO L 275, 6.10.2022, lgh. 3–75	12825/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 6 Deireadh Fómhair 2022	CM 4715/22
<i>Rialachán ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh</i> Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh IO L 275, 7.10.2022, lgh. 1–21	12521/22
Ráiteas ó Phoblacht na hEastóine Cuireann an Eastóin in iúl gur cúis inné di an ghéarchéim fuinnimh atá ar siúl faoi láthair agus is deimhin léi gur cheart do na Ballstáit a seacht ndícheall a dhéanamh chun an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh ar thomhaltóirí agus ar ghnólaigh a mhaolú. Aithníonn an Eastóin cuspóirí an Rialacháin ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh agus, de mheon na haontachta idir na Ballstáit, aontaíonn sí leis an Rialachán ón gComhairle. Maidir le hAirteagal 14 i ndáil leis an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta shealadach éigeantach a chur chun feidhme, léirmhíonann an Eastóin Airteagal 14(2) ar bhealach go bhfuil an córas cánach acmhainní intíre atá ag an Eastóin cheana féin d'úsáideoirí acmhainní mianraí fuinniúla, córas ina bhfuil nasc soiléir idir na praghsanna domhanda tráchtearraí ola agus an ráta atá na cuideachtaí i dteideal íoc as cearta úsáide na hacmhainne, ina bheart atá coibhéiseach leis an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta agus go bhfuil cuspóirí comhchosúla á gcomhlíonadh ag an gcóras cheana féin. Maidir le cúrsaí cánach amach anseo, éilíonn an Eastóin i gcónaí an bunús dlí cuí (Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) agus an ceanglas maidir le haontoilíocht a fhorordaítear ann.	CM 4715/22

Comhráiteas ó Phoblacht na hEastóine agus ó Phoblacht na Laitvia Maidir le dáileadh an bharrachais ioncaim, léirmhíniú an Eastóin agus an Laitvia Airteagal 10(1) lena gceanglaítear go n-úsáidfear barrachas ioncaim chun tacú le custaiméirí deiridh leictreachais ar an mbealach seo a leanas: Airitheoidh an Eastóin agus an Laitvia go n-úsáidfear an barrachas ioncaim uile a eascraíonn as cur i bhfeidhm na caidhpe trí iad a infheistiú i ndlús a chur le táirgeadh breise fuinnimh inathnuaite. Cuirfear ioncam infrimeallach san áireamh agus déanfar é a thuairisciú ach ní bhaileofar é. In ár gcúinsí sonracha, is neamhshuntasach a bheadh an t-ioncam a d'fhéadfaí a fháil ó chur chun feidhme na caidhpe ar ioncaim an mhargaidh. Bainimid de tháil go mbainfidh tomhaltóirí na hEastóine agus na Laitvia an tairbhe is mó as an ioncam infrimeallach a bhfuil cuntas air má gheallann cuideachtaí go ndéanfaidh siad an barrachas brabúis a infheistiú go díreach i dtáirgeadh breise fuinnimh inathnuaite.	CM 4715/22
Ráiteas ón bPolainn Measann an Pholainn gur cheart na bearta urghnácha a rinne an tAontas Eorpach i réimse an fhuinnimh a bheith i gcomhréir le prionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh. Ag an am céanna, áfach, ba cheart na bearta sin a bhunú ar fhorálacha ó na Conarthaí atá oiriúnach dá gcineál. Tá Poblacht na Polainne den tuairim gur theip ar an gCoimisiún Eorpach, le linn na caibidlíochta i gComhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an dréacht-<i>rialachán ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh</i>, réasúnú leordhóthanach a chur ar fáil dá chonclúid nárbh ionann na bearta nua a moladh, agus go háirithe an ‘tobhach dlúthpháirtíochta’ agus bearta fíoscacha. Measann Poblacht na Polainne, agus vótáil ar siúl maidir le bearta ar de chineál fíoscach go príomha iad, de réir bhrí Airteagal 194(3) CFAE, nach mór do Chomhairle an Aontais, de bhun an fhorála sin, gníomhú i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, d'aontoil agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, seachas vótáil trí thromlach cáilithe. I bhfianaise na n-ábhar imní leanúnach maidir le cineál an bhearta a mhol an Coimisiún, measann Poblacht na Polainne gurb é Airteagal 194(3) CFAE is ceart a bheith mar bhunús dlí don Rialachán seo. Ina theannta sin, tá Poblacht na Polainne den tuairim nach mbaineann glacadh an Rialacháin seo an bonn ó inniúlacht na mBallstát bearta a thabhairt isteach agus a choinneáil ar an leibhéal náisiúnta atá comhionann nó coibhéiseach leis na bearta arna n-aontú ag Comhairle an Aontais sa rialachán, agus gur cheart bearta den sórt sin arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 13 a mheas a bheith ag comhlíonadh riachtanais an Rialacháin sin.	CM 4715/22
Ráiteas comhpháirteach ón gCróit agus ón tSlóivéin Athdhearbhaíonn Poblacht na Cróite agus Poblacht na Slóivéine a seasaimh gur cheart an fhéidearthacht tacaíochta a leathnú chuig gach rannpháirtí sa mhargadh. Os rud é go ndéanann tionchar na bpraghsanna arda difir do líon i bhfad níos mó rannpháirtithe sa mhargadh ná mar atá ag cuideachtaí beag agus meánmhéide amháin, ba cheart an fhéidearthacht praghsanna rialáilte a chur ar fáil do gach tomhaltóir agus cuideachta.	CM 4715/22

Ráiteas ón Ungáir Cuireann toscaireacht na hUngáire a forchoimeádas in iúl maidir leis an mbunús dlí a roghnaíodh don Rialachán seo, ós rud é nach leor Airteagal 122 CFAE mar bhunús dlí don rannpháirtíocht dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear forálacha de chineál fioscach, ar cheart iad a phlé agus a ghlacadh dá réir sin le haontoilíocht.	CM 4715/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 20 Deireadh Fómhair 2022	CM 4984/22
<i>Bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin: réamhfhógraí</i> Dréachtráitis ar chúiseanna atá beartaithe do na daoine atá le liostú san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin	13782/22
Fógra le haghaidh daoine agus eintitis ar leith atá faoi réir na mbearta sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine IO C 405, 21.10.2022, lgh. 68	13782/22
<i>Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin</i> Cinneadh (CBES) 2022/1986 ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 275, 20.10.2022, lgh. 5–7	13716/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1985 ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 275, 20.10.2022, lgh. 1–4	13718/22
Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbearta sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinntí (CBES) 2022/1986 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1985 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 405, 21.10.2022, lgh. 63–64	13719/22

Fógra le tabhairt ar aird ag na hábhair sonraí a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 405, 21.10.2022, lch. 66	13719/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 21 Deireadh Fómhair 2022	CM 4966/22
Meabhrán Tuisceana chun comhpháirtíocht a bhunú leis an gCasacstáin maidir le hamhábhair inbhuanaithe, ceallraí agus slabhraí luacha hidrigine inathnuaite	13466/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 27 Deireadh Fómhair 2022	CM 4894/22
<i>Rialachán ón gComhairle lena socraítear do 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109, a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile</i> Rialachán (AE) 2022/2090 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile IO L 281, 31.10.2022, lgh. 1–15	13076/22
Ráiteas Comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hAirteagal 15(9) sa bhunrialachán a chur i bhfeidhm maidir le trosc Mhuir Bhailt Thoir agus Thiar in 2023 Os rud é go bhfuil bithmhaisí na stoc trosc i Muir Bhailt Thoir agus Thiar faoi bhun Blim, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2023. Is freagairt é an gealltanas siúd ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do stoic throse Mhuir Bhailt Thoir agus Thiar.	13927/22
Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hAirteagal 15(9) sa bhunrialachán a chur i bhfeidhm maidir le scadán Mhuir Bhailt Thiar in 2023 Os rud é go bhfuil bithmhaisí an stoic scadán i Muir Bhailt Thiar faoi bhun Blim, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Pholainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an stoc sin in 2023. Is freagairt é an gealltanas siúd ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do stoc scadán Mhuir Bhailt Thiar.	13927/22

Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin agus ón bPolainn maidir le hAirteagal 15(9) sa bhunrialachán a chur i bhfeidhm maidir le bradáin phríomh- imchuach in 2023 Os rud é go bhfuil nach mór gach stoc bradáin fiáin in aibhneacha ó dheas go domhanleithead 59°30'T go maith faoi bhun Rlim, agus chun téarnamh na stoc a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Eastóin, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn nach mbainfidh siad leas as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2023. Is freagairt é an gealltanas sin ar na cúinsí eisceachtúla atá ann faoi láthair maidir le stoic bradáin fiáin in aibhneacha ó dheas go domhanleithead 59°30'N.	13927/22
Ráiteas Comhpháirteach ón gCoimisiún, ón bhFionlainn, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le scadán Mhuir Bhailt Láir agus Mhurascaill na Boitnia Is ábhar inní don Choimisiún, don bhFionlainn, don Laitvia, don Liotuáin, don Pholainn agus don tSualainn struchtúr méide agus aoise scadán Mhuir Bhailt Láir agus scadán Mhurascaill na Boitnia. Iarrfaidh an Coimisiún ar ICES an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) anailísí eolaíocha a dhéanamh ar struchtúr méide agus aoise na stoc sin, agus ar na cúiseanna leis an líon laghdaithe scadán mórmhéide a breathnaíodh, agus (ii) bearta féideartha a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.	13927/22
Ráiteas Comhpháirteach ón gCoimisiún, ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hiascaigh áineasa na mbradáin sa phríomh-imchuach O 2021 i leith, molann ICES nár cheart aon iascaireacht tráchtála ná áineasa a dhéanamh ar bhradáin fiáin in iascaigh mhara mheasctha sa phríomh-imchuach. Dá bhrí sin, tá na deiseanna iascaireachta sa deisceart go domhanleithead 59°30'N teoranta d'fhoghabhálacha dosheachanta agus tá iascaigh áineasa sa limistéar sin teoranta do theorainn ghabhála aon bhradáin eiteghearrtha shaille amháin in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae. Iarrfaidh an Coimisiún ar ICES scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar na sonraí atá ar fáil, go háirithe maidir le cineálacha éagsúla iascach áineasa, leibhéal na ngabhálacha a bhaineann leis na hiascaigh sin agus a dtionchar ar stoic abhann bradán, chomh maith leis an mbásmhaireacht iarscaoilte a bhaineann leo. Déanfaidh an Coimisiún, agus an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn, bunaithe ar an anailís sin a dhéanfaidh ICES, scrúdú ar na bearta atá ann cheana maidir le hiascaigh áineasa.	13927/22
Ráiteas Comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hiascaigh pheiligeacha a rialú Deir ICES ina chomhairle stoic d'iascaigh 2023 maidir le salán agus scadán láir go bhfuil fianaise ann gur míthuaisciodh an salán mar scadán láir ach nach ndearnadh na héifeachtaí a chainníochtú ná a áireamh sa mheasúnú bliantúil ar stoc. Chun míthuaisciú a sheachaint, cuireann an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn i bhfios go láidir a thabhairt atá sé rialú éifeachtach ar iascaigh mheasctha salán agus scadán a áirithiú, lena n-áirítear tuairisciú ceart de réir speicis. Geallann na Ballstáit sin feabhas a chur, i gcás inar gá, ar na sásraí rialaithe chun míthuaisciú a sheachaint, á áirithiú go bhfuil siad iomchuí agus cuimsitheach.	13927/22

Ráiteas Comhpháirteach ón gCoimisiún, agus ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le malartuithe cuótaí do throsca Mhuir Bhailt Thoir agus Thiar De mheon na dlúthpháirtíochta, féachfaidh Ballstát nach bhfuil iomlán a chuóta foghabhála do throsca Mhuir Bhailt Thoir nó Thiar ag teastáil uaidh, féachfaidh sé le teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí le Ballstát ar féidir leis a léiriú go mbeidh air dul i ngleic le tachtadh iascaigh mar gheall ar na cuótaí teoranta atá aige do throsca Mhuir Bhailt Thoir agus Thiar. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit Réigiún Mhuir Bhailt measúnú ar leordhóthanacht na malartuithe sin sula socrófar na deiseanna iascaireachta do 2024.	13927/22
Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón nGearmáin, ón Liotuáin agus ón bPolainn maidir le haistrithe cuótaí bhradáin phríomh- imchuach De mheon na dlúthpháirtíochta agus ag aithint na n-iarrachtaí caomhnaithe atá déanta ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn, as ar eascair stoic shláintiúla ina n-uiscí féin, féachfaidh Ballstát nach bhfuil in ann a chuóta iomlán a úsáid do bhradáin phríomh- imchuacha ar an gcuid sin den chuóta nár úsáideadh nó nach féidir a úsáid a aistriú go dtí an Fhionlainn agus/nó an tSualainn.	13927/22
Ráiteas comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón nGearmáin maidir leis an rogha i dtaobh tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) nó ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) do scor sealadach gníomhaíochtaí iascaireachta 1. Le pointe (a) d’Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, ceadáítear do na Ballstáit bearta éigeandála a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh. 2. I bhfianaise mheasúnú na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) ar throisc agus scadáin i bhforanna 22-24, measann an Ghearmáin, dá bhrí sin, gur gá bearta éigeandála a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán 1380/2013. Is é atá sna bearta éigeandála i bhforanna 22-24 do shoithí iascaireachta Gearmánacha dúnadh breise 30 lá a thabhairt isteach chun troisc a chosaint a bheadh ag teacht leis na rialacha iascaireachta a leagtar síos in Airteagal 7(3) den Rialachán lena socraítear do 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt nach mbeidh feidhm ag an díolúine atá in Airteagal 7 (4)(b) lena linn, agus teorainn bhreise 30 lá a chur le hiascach scadán rud a chiallódh go gcuirfí isteach ar an díolúine d’iascaigh chósta áirithe ar mhionscála ón toirmeasc ar iascach spriodhírithe ar scadáin an iarthair. 3. Comhaontaíonn an Coimisiún agus an Ghearmáin go bhfuil an beart éigeandála seo faoi Airteagal 33(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh nó Airteagal 21(2)(c) de Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 incháilithe do chistiú ó CEMI nó ó CEMID faoi seach, i gcomhréir leis na coinníollacha atá iontu.	13927/22

An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 27 Deireadh Fómhair 2022	CM 4958/22
<i>Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis</i> Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/2086 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis IO L 280, 28.10.2022, lgh. 47–48	11830/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2073 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis IO L 280, 28.10.2022, lgh. 1–3	11832/22
<i>Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Thrás-dnístria Phoblacht na Moldóive</i> Cinneadh (CBES) 2022/2085 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/573/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive IO L 280, 28.10.2022, lgh. 46–46	12440/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 28 Deireadh Fómhair 2022	CM 5096/22
Dearbhú Comhpháirteach ón gComhdháil maidir le Nascacht Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Aise Láir Rún chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil	13843/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 28 Deireadh Fómhair 2022	CM 5137/22
Meabhrán Tuisceana chun comhpháirtíocht a bhunú leis an Namaib maidir le slabhraí luacha amhábhair inbhuanaithe agus hidrigin in-athnuaite	13733/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 28 Deireadh Fómhair 2022	CM 5152/22
Dréacht-Ráiteas Comhpháirteach 2022 maidir leis an Tionscnamh Idirnáisiúnta chun Bogearraí Eirice a Chomhrac agus an litir ón gCoimisiún chuig Coiste na mBuanionadaithe	13938/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 31 Deireadh Fómhair 2022	CM 5167/22
Udarú don Choimisiún dul i mbun caibidlíocht maidir le Comhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh Cóir leis an tSeineagáil	14114/22